Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15947/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0298(NLE)**

**AELE 102**
**N 99**
**FL 52**
**ISL 60**
**MI 953**
**SAN 663**
**RELEX 1483**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 540 FV2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú), Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 540 FV2.

Faoi iamh: COM(2024) 540 FV2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2024
COM(2024) 540 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh**

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i ndáil le leasú ar Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú), Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte)**

## IARSCRÍBHINN

**DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú), Iarscríbhinn X (Seirbhísí go ginearálta) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus X agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh an seachtú mír déag den chuid réamhráiteach de Chaibidil XIII:

   'Beidh Stáit CSTE comhlachaithe go hiomlán le hobair Ghrúpa Comhordaithe na mBallstát um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, lena n-áirítear a fhoghrúpaí, arna mbunú le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu laistigh de agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais. De mhaolú ar an abairt roimhe seo, ní bheidh na comhaltaí arna n-ainmniú ag Stáit CSTE i dteideal a bheith rannpháirteach i vótaí, ach i gcás ina ndéanfar vótáil, áfach, déanfar seasaimh na gcomhaltaí arna n-ainmniú ag Stáit CSTE a thaifeadadh ar leithligh arna iarraidh sin dóibh.

   I gcás nach féidir comhthoil a bhaint amach, de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/2282, déanfar tuairimí eolaíocha éagsúla ó Stáit CSTE, lena n-áirítear na forais eolaíocha ar a bhfuil na tuairimí sin bunaithe, a ionchorprú sna tuarascálacha.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 22g (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1760 ón gCoimisiún) de Chaibidil XIII:

[1] IO L 458, 22.12.2021, lch. 1.

‘23. **32021 R 2282**: Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE (IO L 458, 22.12.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar forálacha an Rialacháin a oiriúnú mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag mír 4(a) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le hAirteagal 3.’

3. Cuirtear an méid seo a leanas isteach sa chuid réamhráiteach de Chaibidil XXX:

‘Beidh Stáit CSTE comhlachaithe go hiomlán le hobair Ghrúpa Comhordaithe na mBallstát um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, lena n-áirítear a fhoghrúpaí, arna mbunú le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu laistigh de agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais. De mhaolú ar an abairt roimhe seo, ní bheidh na comhaltaí arna n-ainmniú ag Stáit CSTE i dteideal a bheith rannpháirteach i vótaí, ach i gcás ina ndéanfar vótáil, áfach, déanfar seasaimh na gcomhaltaí arna n-ainmniú ag Stáit CSTE a thaifeadadh ar leithligh arna iarraidh sin dóibh.

I gcás nach féidir comhthoil a bhaint amach, de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2021/2282, déanfar tuairimí eolaíocha éagsúla ó Stáit CSTE, lena n-áirítear na forais eolaíocha ar a bhfuil na tuairimí sin bunaithe, a ionchorprú sna tuarascálacha.’

4. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 15 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1207 ón gCoimisiún) de Chaibidil XXX:

‘16. **32021 R 2282**: Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE (IO L 458, 22.12.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, déanfar forálacha an Rialacháin a oiriúnú mar a leanas:

Ní bheidh feidhm ag mír 4(a) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le hAirteagal 3.’

*Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas le pointe 2 (Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d’Iarscríbhinn X a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘, arna leasú le:

- **32021 R 2282**: Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 1).’

*Airteagal 3*

Cuirtear an pointe a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘47. Grúpa Comhordaithe na mBallstát um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (Rialachán (AE) 2021/2282 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).’

*Airteagal 4*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2021/2282 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha [*]

*Airteagal 6*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]